Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12120/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0162(NLE)**

**PECHE 282**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 287 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta faoin bPrótacal (2024-2029) ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 287 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 287 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2024
COM(2024) 287 final

2024/0162 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta faoin bPrótacal (2024-2029) ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau i bhfeidhm an 15 Aibreán 2008. Tá an comhaontú in-athnuaite go hintuigthe, agus dá bhrí sin tá sé fós i bhfeidhm.

Bhí prótacal cur chun feidhme 5 bliana de chuid an chomhaontaithe ann roimhe sin, tháinig sé i bhfeidhm an 15 Meitheamh 2019 agus chuaigh sé in éag an 14 Meitheamh 2024. An 14 Feabhra 2024, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le haghaidh Prótacal nua ('an Prótacal nua') a ghabhfaidh leis an gComhaontú.

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha[1], chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le Guine Bissau maidir le prótacal cur chun feidhme nua a ghabhfaidh leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích. Is é an cuspóir atá ann cead a thabhairt do shoithí de chuid an Aontais dul isteach i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau agus iascaireacht a dhéanamh ann ar speicis ghrinnill (crústaigh, ceifileapóid agus éisc), speicis pheiligeacha bheaga, agus tuinníní agus speicis ghaolmhara. De thoradh na caibidlíochta sin, cuireadh inisealacha le téacs nua den Phrótacal Cur Chun Feidhme an 16 Bealtaine 2024. Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 5 bliana ó dháta an chur i bhfeidhm shealadaigh a leagtar síos in Airteagal 19.

Is é is cuspóir don Phrótacal nua deiseanna iascaireachta a dheonú do shoithí an Aontais sna limistéir iascaireachta in uiscí Ghuine Bissau, i gcomhréir leis an gcomhairle agus na moltaí eolaíocha ón gComhchoiste Eolaíoch agus ó na hEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) ábhartha, go háirithe an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú. Déantar foráil sa Phrótacal nua maidir leis na deiseanna iascaireachta seo a leanas:

– reothrálaeir, trálaeir iasc eite agus trálaeir ceifealapód: 3 500 OTC in aghaidh na bliana;

– reothrálaeir séaclaí: 3 700 OTC in aghaidh na bliana;

– trálaeir iasc peiligeach beag: 0 tona in aghaidh na bliana;

– 28 reoshoitheach saighne tuinníní agus bád spiléireachta;

– 13 shoitheach tuinníní cleithe agus dorú:

chomh maith le soithí tacaíochta de réir na rún ábhartha ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú.

Sloinntear na deiseanna iascaireachta le haghaidh speicis pheiligeacha bheaga mar Ghabhálacha Iomlána Incheadaithe agus socraítear iad ag 0 tona mar gheall ar na forchoimeádais maidir le staid na stoc agus glacadh íseal na ndeiseanna iascaireachta sin sa Phrótacal roimhe seo.

---

[1] Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau a thabhairt i gcrích (Tag. 6007/24 + ADD 1, arna fhormheas ag Coreper, Cuid 1, an 14.2.2024): https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6641-2024-INIT/ga/pdf

Cuspóir eile is ea an comhar idir an tAontas agus Guine Bissau a neartú trí chreat comhpháirtíochta an chomhaontaithe a chur chun feidhme chun beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt agus acmhainní iascaigh in uiscí Ghuine Bissau a shaothrú ar bhealach fónta, chun leasa an dá pháirtí.

Ba cheart an modh le haghaidh leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta ar na Ballstáit a bhunú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é is príomhaidhm don phrótacal nua a ghabhfaidh leis an gComhaontú creat cothrom le dáta a sholáthar lena gcuirtear san áireamh tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) athchóirithe agus a ghné sheachtrach. Cuideoidh sé sin le leanúint den chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Guine Bissau agus í a neartú.

Leis an bPrótacal nua, déantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais. Tá sé bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus ar na moltaí eolaíocha ón gComhchoiste Eolaíoch, agus ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú agus ón gCoiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir freisin. Na bearta bainistíochta a ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, tá siad san áireamh freisin sna forálacha ábhartha de CBI is infheidhme maidir le Limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, go háirithe iad siúd sa Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta[2].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is cuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin é caibidliú Prótacail nua a ghabhfaidh leis an gComhaontú agus cuirtear san áireamh ann, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús Dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, go nglacfaidh sí bearta maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh, de bhun Airteagal 3(1), pointe (d), CFAE. Níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta dá bhrí sin.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais in uiscí tríú tír, mar a leagtar amach in Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh. Comhlíontar na forálacha sin chomh maith leis na forálacha sin maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

---

[2] IO L 28, 31.1.2023, lch. 1. Féach roinn 3 agus Iarscríbhinn I D.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2023, rinne an Coimisiún socrú go ndéanfadh comhairleoir neamhspleách staidéar meastóireachta *ex post* agus *ex ante*[3]. Bunaithe ar an staidéar meastóireachta sin, rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar an bPrótacal cur chun feidhme atá ann faoi láthair agus rinne sé meastóireacht *ex ante* ar na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an mbealach chun cinn. Leagtar amach conclúidí na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante* i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin[4].

Sa mheastóireacht *ex post* ar an doiciméad inmheánach oibre, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an Prótacal cur chun feidhme atá ann faoi láthair éifeachtach ar an iomlán maidir lena chuspóirí a bhaint amach, agus go bhféadfaí feabhas a chur ar réimsí áirithe. I ndáil leis sin, is spéis le cabhlach an Aontais i gcónaí rochtain a fháil ar limistéir iascaireachta Ghuine Bissau chun straitéisí saothraithe a úsáid faoi chreat ilbhliantúil, agus tá gá áirithe le hailíniú a dhéanamh ar dheiseanna iascaireachta agus ráta úsáide chabhlach an Aontais. Maidir le gné na tacaíochta earnála, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur rannchuidigh na cistí tacaíochta earnála (i) le faireachán, rialú agus faireachas ar iascach a neartú, agus (ii) le rialachas feabhsaithe na n-aigéan i nGuine Bissau agus sa réigiún.

Sa mheastóireacht *ex ante* ar an doiciméad inmheánach oibre, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil caibidlíocht maidir le prótacal cur chun feidhme nua, agus roinnt coigeartuithe ann, chun leasa an Aontais agus Ghuine Bissau araon. I gcás Ghuine Bissau, trí phrótacal cur chun feidhme nua a chaibidliú, cinnteofar comhar leanúnach leis an Aontas maidir le rialachas na n-aigéan a neartú trí na cistí tacaíochta earnála tiomnaithe faoi chreat ilbhliantúil.

Ó thaobh an Aontais de, tá sé tábhachtach ionstraim a choinneáil ar bun lena gceadaítear dlúthchomhar earnála le tír atá ina príomh-chomhpháirtí, ina soláthróir táirgí iascaigh don Aontas, ina páirtí leasmhara ar an leibhéal idirnáisiúnta agus a bhfuil meánna iascaireachta aici atá chun leas chabhlach an Aontais.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den mheastóireacht thuasluaite, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith le riarachán iascaigh agus sochaí shibhialta Ghuine Bissau. Dealraíonn sé ó na comhairliúcháin sin gur chun leasa an Aontais agus Ghuine Bissau é ionstraim a choinneáil ar

[3] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, POSEIDON, *Évaluation rétrospective et prospective du protocole de mise en œuvre de l'accord de partenariat dans le domaine de la pêche entre l'Union européenne et la République de Guinée-Bissau – Rapport final* [Meastóireacht Chúlghabhálach agus Fadbhreathnaitheachta ar an bPrótacal cur chun feidhme a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau – Tuarascáil Chríochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://data.europa.eu/doi/10.2771/196367

[4] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, *Evaluation to the Protocol to the Fisheries Partnership Agreement between the European Union and Guinea-Bissau* [Meastóireacht ar an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Guine Bissau], https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52024SC0005

bun lena gceadaítear comhar domhain earnálach, ina bhfuil deiseanna maoinithe ilbhliantúla do Ghuine Bissau. I gcás fheistis an Aontais, is chun leas an Aontais é rochtain ar limistéar tábhachtach iascaireachta a choinneáil trí chomhaontú in earnáil an iascaigh.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31(10) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ag an Dréacht-rialachán ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá an nós imeachta seo á thionscnamh i gcomhthráth leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau, agus leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir lena thabhairt i gcrích. Beidh feidhm ag an Rialachán seo a luaithe a bheidh gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh faoin gComhaontú, i.e. ar dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail.

2024/0162 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta faoin bPrótacal (2024-2029) ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau[1] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), arna fhormheas le Rialachán (CE) Uimh. 241/2008 ón gComhairle an 17 Márta 2008[2], comhaontú a tháinig i bhfeidhm an 15 Aibreán 2008, déantar é a athnuachan go hintuigthe agus tá sé fós i bhfeidhm. An Prótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú, chuaigh sin in éag an 14 Meitheamh 2024.

(2) An 14 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh[3] lenar údaraíodh don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Ghuine Bissau ('Guine Bissau') chun prótacal nua lena gcuirtear an Comhaontú chun feidhme a thabhairt i gcrích.

(3) Tá Prótacal nua lena gcuirtear an Comhaontú Comhpháirtíochta sin chun feidhme ('an Prótacal') caibidlithe ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais Eorpaigh ('an tAontas'). Tar éis an chaibidlíocht a bheith tugtha i gcrích, cuireadh inisealacha leis an bprótacal an 16 Bealtaine 2024.

(4) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/... ón gComhairle[4], síníodh an Prótacal an […], faoi réir a thabhairt i gcrích ag dáta níos déanaí, agus beidh feidhm shealadach aige ón bpointe sin ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 19 den Phrótacal..

[1] IO L 342, 27.12.2007, lch. 5.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 241/2008 ón gComhairle an 17 Márta 2008 maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau a thabhairt i gcrích (IO L 75, 18.3.2008, lch. 49).

[3] Cinneadh (AE) ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau a thabhairt i gcrích (Tag. 6007/24 + ADD 1, arna fhormheas ag Coreper, Cuid 1, an 14.2.2024) : https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6641-2024-INIT/ga/pdf

[4] Cinneadh (AE) 2024/… ón gComhairle an … 2024 maidir le … (IO C [...], [...], lch. [...]).

(5) Na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal, arna mbunú i gcomhréir le comhairle eolaíoch agus moltaí an Chomhchoiste Eolaíoch agus arna dtarraingt suas i gcomhréir leis na moltaí agus na rúin arna nglacadh ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, ba cheart iad a leithdháileadh ar na Ballstáit ar feadh thréimhse iomlán chur i bhfeidhm an Phrótacail.

(6) Tá práinn leis na bearta sin mar gheall ar thábhacht eacnamaíoch ghníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau agus ar an ngá atá ann an cur isteach ar ghníomhaíochtaí den sórt sin a laghdú a oiread is féidir. Dá bhrí sin, is ar bhonn sealadach a bheidh feidhm ag an bPrótacal ó dháta a shínithe chun go bhféadfaidh soithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
***Deiseanna Iascaireachta***

Na deiseanna iascaireachta a bhunaítear faoin bPrótacal a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau (dá ngairtear 'an Prótacal' anseo feasta), déanfar na deiseanna iascaireachta sin a leithdháileadh ar na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Rialachán seo mar seo a leanas, ar feadh thréimhse iomlán chur i bhfeidhm an Phrótacail sin.

*Airteagal 2*
***Speicis ghrinnill***

Déanfar na deiseanna iascaireachta le haghaidh speicis ghrinnill a leithdháileadh i measc na mBallstát mar a leanas:

(a) reothrálaeir séaclaí :

| | |
|---|---|
| An Spáinn: | 2 500 OTC; |
| An Ghréig: | 140 OTC; |
| An Phortaingéil: | 1 060 OTC; |

(b) reothrálaeir, trálaeir iasc eite agus trálaeir ceifealapód:

| | |
|---|---|
| An Spáinn: | 2 900 OTC; |
| An Ghréig: | 225 OTC; |
| An Iodáil: | 375 OTC; |

*Airteagal 3*
***Speicis mhórimirceacha***

Déanfar deiseanna iascaireachta le haghaidh speicis mhórimirceacha, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(b) den Phrótacal iad, a leithdháileadh mar a leanas:

(a) reoshoithí saighne tuinníní agus báid spiléireachta dromchla:

An Spáinn: 14 shoitheach;

An Fhrainc: 12 shoitheach;

An Phortaingéil: 2 shoitheach;

(b) soithí tuinníní cleithe agus dorú:

An Spáinn: 10 soitheach;

An Fhrainc: 3 shoitheach.

*Airteagal 4*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*ba cheart dáta sínithe an phrótacail a chur isteach anseo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*